2023/2223

20.10.2023

# CINNEADH (CBES) 2023/2223 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

**an 17 Deireadh Fómhair 2023**

**maidir le Ceann an Aonaid Shibhialtaigh Ceannais agus Tacaíochta de chuid Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine a cheapadh (EUSDI) (EUSDI/1/2023)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2023/1599 ón gComhairle an 3 Lúnasa 2023 maidir le Tionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine ([1]), agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Trí bhíthin Chinneadh (CBES) 2023/1599, d'údaraigh an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, na cinntí ábhartha a dhéanamh le go bhfeidhmeofaí rialú polaitiúil ar Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine (EUSDI), agus go dtabharfaí treoir straitéiseach don Tionscnamh, lena n-áirítear an cinneadh maidir le Ceann an Aonaid Shibhialtaigh Ceannais agus Tacaíochta a cheapadh.

(2) An 5 Deireadh Fómhair 2023, mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála go gceapfaí Philippe CHEVET mar Cheann an Aonaid Shibhialtaigh Ceannais agus Tacaíochta.

(3) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir le Ceann an Aonaid Shibhialtaigh Ceannais agus Tacaíochta a cheapadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Philippe CHEVET mar Cheann an Aonaid Shibhialtaigh Ceannais agus Tacaíochta de chuid Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine (EUSDI) ón 20 Deireadh Fómhair go dtí an 19 Deireadh Fómhair 2024.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 20 Deireadh Fómhair 2023.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Deireadh Fómhair 2023.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
D. PRONK
*An Cathaoirleach*

---

([1]) IO L 196, 4.8.2023, lch. 25.